

TOBAR NA SÚL

Tá Tobar an Súl agus Tobar Muire ann i mBaile an Tobair i nDubhachta. Bhí Tobar Muire ann ó nádúr.

Fear as ceann thiar Iorruis Mhóir a rugadh ina dhall nuair a bhí sé suas ina fhear óg tháinig sé i mbrionglóidí dhó dá dteigheadh sé go Dubhachta go Baile an Tobair, go raibh sgeathach ag fás os cionn Tobar Muire dá dteigheadh sé a' cartadh faoi bhun na sgeithighe go castaoi leac dó, an leac a thógáil agus go mbeadh an tobar annsin agus go bhfuigheadh sé amharc.

D'imthigh sé lá ar na bhárach agus gasúr muintreabhach leis ag cur tuairisg Bhaile an Tobair. Níor stop sé go ndeachaidh sé síos go Condae Mhuigheo go dtí go dtí baile a dtugann siad Baile an Tobair air. Thosuigh sé ag cur tuairisg Tobar Muire. Dubhradh leis nach raibh aon Tobar Muire ann, agus nach raibh ariamh. Dubhairt sé leofa go dtáinig sé i mbroingleoidí dó. Dubhairt seanfhear leis nach raibh ach go raibh baile eile ann a dtugann siad Baile an Tobair air i nDubhachta – chuaidh Dubhachta amú air. Níor chuimhnigh sé ar Dhubhachta gur labhair an seanfhear air. Níor stop sé go dtáinig sé go Dubhachta, go Baile an Tobair. Casadh fear den bhaile leis. D'fiafruigh se dhe cé raibh Tobar Muire. Thug sé leis é go dtí an Tobar.

"Teanam isteach" adeir an fear leis an dall "go mbeidh greim le n'ithe agat."

"Ní ghabhfaid" ar seisean, "go n-abraidh mé cupla paidir, ach tabhairt leat an gasúr. Cuir i mo shuidhe anois mé faoi bhun na sgeithidhe atá os cionn an tobair" ar seisean.

Chuir. Chuaidh sé a' cartadh lena lámha nó go bhfuair sé an leac. Thóg sé an leac agus shéid an t-uisge isteach ina éadan agus fuair sé a amharc chomh maith le aon fhear eile. Fuaidh muintir an bhaile agus rinne siad balla dúbailte idir Tobar Muire agus Tobar na Súl agus tá an dá thobar le feiceál le taoú a chéile. Lá Féile Muire Beag (15/8) bíonn an turas ann.

Máirtín Ó Niadh, Turlach Rosmuc

ar aghaidh siopa an Mháilligh

Ba chóir go mbeadh seanchus aige. Bhí a athair ina sgéalaidhe. Labhrás ó Niadh. Bhí laoitheannta aige.

Seamus Breathnach, gabha, in aice le Tulach, Rinn Mhaoil. As Dubhachta ó cheart é (Cor na Móna). Ba é a athair a thug na hamhráin do na Máilligh – amhráin Chlainne Gaedheal.